



## FÓGRA FOLÚNTAIS

### CEANN NA ROINNE MAIRSEACHTA

(B/F)

### TAG.: ESMA/2018/VAC15/AD12

<b>Cineál conartha</b>	Gníomhaire Sealadach <sup>1</sup>
<b>Feidhmghrúpa agus grád</b>	AD12
<b>Fad an chonartha</b>	Tréimhse 5 bliana, a bhféadfar síneadh a chur léi <sup>2</sup>
<b>Roinn</b>	An Roinn Maoirseachta
<b>Áit fostaíochta</b>	Páras, an Fhrainc
<b>Spriocdháta d'iarraitais</b>	01/10/2018 15/10/2018 (23.59, am áitiúil Pháras)
<b>Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí</b>	31/12/2019 <sup>3</sup>

#### 1. An tÚdarás

Údarás neamhspleách AE is ea an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA). Bunaíodh an 1 Eanáir 2011 é agus tá sé lonnaithe i bPáras. Is é an misean atá ag ESMA feabhas a chur ar an gcosaint a thugtar d'infheisteoirí, mar aon le cobhsaíocht agus ord sna margáí airgeadais a chur chun cinn. Eascraíonn an misean seo ón Rialachán lenar bunaíodh ESMA<sup>4</sup> agus tá trí chuspóir aige:

- **Cosaint infheisteoirí:** chun a chinntiú go ndéantar freastal níos fearr ar riachtanais tomhaltóirí airgeadais agus a gcuid ceart mar infheisteoirí a threisiú agus, san am céanna, a gcuid freagrachtaí a aithint;
- **Margáí ordúla:** chun iontaofacht, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus dea-fheidhmiú na margáí airgeadais a chur chun cinn mar aon le bonnagar margaidh urrúnta, agus
- **Cobhsaíocht airgeadais:** an córas airgeadais a neartú ionas go mbeifear in ann géarchéimeanna airgeadais a sheasamh agus gan ligean d'éagothromaíochtaí airgeadais dul as smacht, agus fás eacnamaíoch á spreagadh ag an am céanna.

Baineann ESMA na cuspóirí sin amach trí fhreastal ar cheithre chúram:

- measúnú a dhéanamh ar rioscaí d'infheisteoirí, do mhargáí agus do chobhsaíocht airgeadais;
- leabhar rialacha aonair a chur i gcrích le haghaidh mhargáí airgeadais AE;

<sup>1</sup> I gcomhréir le hAirteagal 2(f) de [Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile \(CEOS\)](http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF) an Aontais Eorpaigh:

<sup>2</sup> Féadfar gníomhairí sealadacha a fhostú go ceann tréimhse sheasta 5 bliana faoin gcéad chonradh dá gcuid. Má dhéantar an conradh a athnuachan tar éis sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann i bprionsabal. Maireann an tréimhse phromhaidh don chéad chonradh go ceann naoi mí.

<sup>3</sup> Féadfar síneadh ama a chur le bailíocht an liosta ionadaithe.

<sup>4</sup> Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach Maoirseachta (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún.



- cóineasú maoirseachta a chur chun cinn; agus
- maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar eintitis shonracha airgeadais.

Cuireann ESMA a mhísean i gcrích laistigh den Chóras Eorpach Maoirseoirí Airgeadais (CEMA) trí chomhoibriú gníomhach leis na hÚdaráis Náisiúnta Inniúla (go háirithe le rialtóirí margáí urrús) chomh maith leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Tá ról ar leith ag ESMA laistigh de CEMA sa mhéid go gcuireann sé freagrachtaí maoirseachta díri i gcrích ar leibhéal an Aontais maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, stórtha trádála agus contrapháirithe lárnacha tríú tír. Tá institiúidí an Aontais i mbun breithniú a dhéanamh ar thograí a bhfuil mar aidhm leo tuilleadh feabhais a chur ar ról agus freagrachtaí ESMA, lena n-áirítear sainorduithe féideartha breise maoirseachta díri.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach láithreán gréasáin ESMA: <http://www.esma.europa.eu>.

## 2. Creat agus próifíl an phoist

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag ESMA don phost seo: **Ceann na Roinne Maoirseachta**. Tuairisceoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi do Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA.

Tá an Roinn Maoirseachta freagrach faoi láthair as clárú agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa (CRAnna) agus stórtha trádála (TRanna). Cuirfear sainorduithe breise maoirseachta i bhfeidhm faoin Rialachán um Idirbhearta Maoinithe Urrús (SFTR) agus faoin Rialachán Urrúsúcháin STS le linn 2018 agus 2019.

Tuairiscíonn dhá Aonad agus a gceannairí féin faoi seach do cheann na Roinne Maoirseachta:

- an tAonad Fiosrúcháin, atá freagrach as iarratais chlárúcháin a mheas agus as fiosrúcháin spriocdhírithé a reachtáil, agus
- an tAonad Faireacháin agus Straitéise, atá freagrach as maoirseacht ó lá go lá agus as anailís riosca a dhéanamh ar gach eintiteas cláraithe.

Tascanna an Aonaid Faireacháin agus Straitéise:

- forbairt agus cur i bhfeidhm anailíse riosca maoirseachta i bhfianaise chur chuige spásúil rioscabhunaithe ESMA;
- clár oibre maoirseachta a fhorbairt;
- maoirseacht leanúnach ar gach eintiteas cláraithe; agus
- comhoibriú le ranna eile agus le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta i gcomhthéacs maoirseacht ar thuairisciú sonraí EMIR agus tionscnaimh cáilíochta sonraí.

Cúraimí an Aonaid Fiosrúcháin:

- measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú mar aon le forfheidhmiú na himlíne;
- fiosrúcháin téamacha agus aonair, agus
- comhoibriú maoirseachta a chomhordú le húdaráis inniúla neamh-AE.

Tá cur chuige rioscabhunaithe i leith maoirseachta ag ESMA; ciallaíonn sé sin go dtugaimid – tar



éis próiseas clárúcháin cuimsitheach – tosaíocht ar bhonn gníomhach do na saincheisteanna a bhfuilimid ag díriú orthu. Trí leas a bhaint as uirlisí maoirseachta éagsúla, lena n-áirítear láithreach mhéadaithe ar an láthair agus anailís mhionsonraithe deisce, tá sé mar aidhm againn go mbeadh tuiscint mhaith againn ar na heintitis a ndéanaimid maoirseacht orthu agus ar na rioscaí a ghabhann leo. Déanaimid sárúithe a fhorghníomhú ar dhóigh chomhréireach éifeachtach. Déanann ESMA measúnú leanúnach ar a ghníomhaíochtaí maoirseachta chun éifeachtacht a chuid maoirseachta a fheabhsú tuilleadh.

Tá ESMA ag lorg iarrthóirí a bhfuil taithí acu sna margaí airgeadais agus inspreamhadh láidir iontu chun sainordú maoirseachta ESMA a chomhlíonadh.

### **Príomhdhualgais:**

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi freagrach as na nithe seo a leanas:

#### Bainistíocht oibríochtúil na Roinne:

- Ceannaireacht a thabhairt d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm chlár oibre maoirseachta ESMA;
- bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar acmhainní daonna na Roinne, agus ar a hacmhainní airgeadais nuair is cuí, ionas go mbeidh daoine inspreamhtha, go ngníomhóidh siad ar bhealach gairmiúil agus go mbainfidh siad ardchaighdeán amach ina gcuid oibre;
- ionadaíocht a dhéanamh don Roinn agus do ESMA ag cruinnithe inmheánacha agus seachtracha ábhartha chun cinntí, tograí agus íomhá an Údaráis a chothú agus a chur chun cinn;
- gníomhú mar phríomhchainéal le haghaidh malartú faisnéise idir an lucht ardbhainistíochta agus baill foirne na Roinne, agus
- dea-chaidreamh straitéiseach a fhorbairt agus a chothú le hinstitiúidí an Aontais, le comhlachtaí Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

#### Maoirseacht:

- ag tiomáint maoirseacht leanúnach ar CRAanna agus TRanna trí leithdháileadh éifeachtach a dhéanamh ar fhoireann agus ar úsáid uirlisí maoirseachta, lena n-áirítear go n-aimseofar go luath saincheisteanna maoirseachta, aschuir ardchaighdeán agus thráthúla, agus tionchar buan gníomhartha maoirseachta,
- ag tuairisciú go rialta do chomhlachtaí rialachais ESMA (an Bord Maoirseoirí, an Bord Bainistíochta) agus don Chathaoirleach maidir le heochaircheisteanna maoirseachta agus a gcuid pléití agus a gcuid cinntí a ullmhú; agus
- ag forbairt agus ag spreagadh fhorbairt leanúnach anailís riosca maoirseachta – faoi thiomáint sonraí – ESMA, i gcomhar leis an Roinn Taighde agus Forbartha; agus
- an dea-chomhar a chothú idir an dá Aonad laistigh den Roinn Maoirseachta agus le foirne eile agus Ranna de chuid ESMA.

### Ceannaireacht straitéiseach:

- ag cur le suíomh straitéiseach ESMA mar mhaoirseoir de chuid an Aontais Eorpaigh agus an sainmhíniú ar a chultúr maoirseachta, chomh maith lena sheasamh i leith eintitis mhaoirsithe;
- treoshuíomh straitéiseach ESMA a chur chun feidhme agus pleanáil straitéiseach ilbhliantúil/bhliantúil a fhorbairt;
- caidreamh láidir a chothú agus comhar a fheabhsú le rialtóirí urrús náisiúnta, institiúidí an Aontais Eorpaigh, rialtóirí neamh-AE, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile san earnáil phoiblí sna réimsí inniúlachta;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son ESMA agus na Roinne Maoirseachta go seachtrach, cibé acu i gcomhdhálacha agus i seimineáir nó go déthaobhach le páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach agus le lucht ardbhainistíochta na n-eintiteas maoirseachta, agus
- tacú le bainistíocht éifeachtúil ESMA trí rannchuidiú go gníomhach leis an bhFoireann Bainistíochta agus leis an obair chomhchoiteann ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha an Údaráis a bhaint amach.

### 3. Cálíochtaí gairmiúla agus riachtanais eile

#### A. Critéir incháilitheachta

Chun bheith incháilithe, ní mór do na hiarrthóirí na critéir incháilitheachta ar fad atá liostaithe thíos a chomhlíonadh faoin spriocdháta d'iarraitais:

- leibhéal oideachais arb ionann é agus **ceithre bliana** ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le diplóma<sup>5</sup> a bheith acu **i réimse a bhaineann leis an bpost seo, agus**, tar éis dóibh an diplóma sin a bhaint amach, taithí chruthaithe ghairmiúil<sup>6</sup> **cúig bliana déag** a bheith acu **ar roinnt, nó gach ceann, de na réimsí a bpléitear leo sa sainchuntas poist;**  
**NÓ**
- leibhéal oideachais arb ionann é agus **trí bliana** ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le diplóma<sup>7</sup> a bheith acu **i réimse a bhaineann leis an bpost seo, agus**, tar éis dóibh an diplóma sin a bhaint amach, taithí chruthaithe ghairmiúil<sup>8</sup> **sé bliana déag** a bheith acu **ar roinnt, nó gach ceann, de na réimsí a bpléitear leo sa sainchuntas poist;**
- a bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de LEE (an Iorua, Lichtinstéin, an Íoslainn);
- a bheith i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;<sup>9</sup>
- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air nó uirthi leis an dlí is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici;
- na teistiméireachtaí cuí maidir le carachtar a chur ar fáil a léiríonn a (h)oiriúnacht chun na dualgais a chur i gcrích;

<sup>5</sup> Ní thabharfar san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

<sup>6</sup> Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thaithí ghairmiúil a ríomh, féach an doiciméad “Treoirínte d'Iarrthóirí” atá foilsithe ar shuíomh Gréasáin ESMA <https://www.esma.europa.eu/about-esma/careers>

<sup>7</sup> Féach fonóta 5.

<sup>8</sup> Féach fonóta 6.

<sup>9</sup> Sula gceaptar é/í sa phost, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici.

- eolas cuimsitheach a bheith aige/aici ar cheann amháin de theangacha AE<sup>10</sup> agus eolas sásúil<sup>11</sup> a bheith aige/aici ar theanga eile AE; agus
- a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh<sup>12</sup>.

## B. Critéir roghnúcháin

### CÉIM AN RÉAMHSCAGTHA

Déanfar iarratais ina gcomhlíontar na critéir Incháilitheachta thuas (cuid A) a mharcáil ansin in aghaidh na mBunriachtanas (cuid B.1) agus na riachtanas Buntáisteach (cuid B.2). Maidir le hiarrthóirí nach gcomhlíonann gach ceann de na Bunriachtanais (cuid B.1), eisiafar iad ón bpróiseas roghnúcháin.

Laistigh den mheastóireacht chomparáideach sin ar iarratais, is don **seisear** iarrthóirí a fhaigheann na scóir is airde agus a bhaineann an **scór íosta 65%** amach araon a thabharfar cuireadh chun agallaimh agus chun triail scríofa a dhéanamh.

#### B.1. Bunriachtanais

- a) Taithí ar mhaoirseacht i réimse na margaí airgeadais ag leibhéal AE nó ag leibhéal náisiúnta;
- b) Taithí shuntasach ar obair i ról bainistíochta ar feadh 5 bliana ar a laghad<sup>13</sup>;
- c) Ardchaighdeán Béarla, idir scríofa agus labhartha<sup>14</sup>.

#### B.2. Riachtanais bhuntáisteacha

- d) Eolas (a gnóthaíodh trí thaithí nó trí oiliúint) ar chreat rialála an Aontais agus/nó creat institiúideach an Aontais maidir le margaí airgeadais;
- e) Eolas (a gnóthaíodh trí thaithí nó trí oiliúint) ar na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (CRAnna), agus/nó ar stórtha trádála (TRAnna);
- f) Taithí oibre i dtimpeallacht idirnáisiúnta;
- g) Inspreagadh don phost fógartha.

### CÉIM AN AGALLAIMH AGUS NA dTRIALACHA SCRÍOFA

Is in aghaidh na gcritéir roghnúcháin ar fad (codanna B.1, B.2 agus B.3) a mheasfar iarrthóirí dá dtugtar cuireadh chun agallaimh agus chun triail scríofa a dhéanamh.

<sup>10</sup> Is iad teangacha AE: Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Francis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis agus Sualainnis.

<sup>11</sup> Ar leibhéal C1 ar a laghad den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>  
Maidir le hiarrthóirí dá dtugtar cuireadh chun agallaimh, cuirfear triail ó bhéal orthu chun an t-eolas atá acu ar an dara teanga den AE a mheas.

<sup>12</sup> Sula gceapfar é nó i sa phost, cuirfear an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi faoi scrúdú i gceann d'ionaid leighis AE chun a dheimhniú go gcomhlíonann an t-iarrthóir riachtanais Airteagal 12(2)(d) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile (a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh).

<sup>13</sup> Luaigh an líon tuairisceoirí díreacha agus an líon tuairisceoirí indíreacha.

<sup>14</sup> Leibhéal B2 ar a laghad.

Is é an Béarla teanga oibre ESMA, arna chinneadh ag Bord Bainistíochta ESMA le cinneadh ESMA/2011/MB/3 an 11/01/2011. Leis an gcinneadh sin, cuirtear Airteagal 73(2) de [Rialachán \(AE\) Uimh. 1095/2010 ESMA](#), lenar bunaíodh ESMA, chun feidhme.

### B.3. Riachtanais bhreise

- h) Cumas láidir anailíse, cumas smaoineamh go straitéiseach agus dea-bhreithiúnas;
- i) Scileanna eagrúcháin agus pleanála den scoth;
- j) A bheith in ann oibriú faoi bhrú agus obair ar ardchaighdeán a sheachadadh faoi spriocanna ama an-dian;
- k) Cumas baill foirne a threorú agus a spreagadh, foireann ardfheidhmíochta agus comhoibríoch a thógáil (scileanna bainistíochta);
- l) An cumas chun déileáil le daoine ar bhealach éifeachtach cúirtéiseach agus chun caidreamh oibre atá táirgiúil agus comhoibríoch a chothú, laistigh de ESMA agus le páirtithe leasmhara seachtracha (scileanna idirphearsanta);
- m) An cumas chun cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus chun ábhair chasta a chur i láthair ar bhealach sothuigthe ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear os comhair na mball den fhoireann (scileanna cumarsáide); agus
- n) An cumas chun an plé a stiúradh agus na torthaí is fearr is féidir a chruthú gan caidreamh táirgiúil oibre leis na páirtithe eile lena mbaineann a chur i gcontúirt (scileanna idirbheartaíochta).

Iarrthóirí a fhaigheann 65% ar a laghad de na pointí ar fad san agallamh agus sa scrúdú scríofa araon, áireofar iad sa liosta ionadaithe d'iarrthóirí oiriúnacha. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí ar an liosta ionadaithe freastal ar **mheasúnacht aon lae** sa Bhruiséil roimh dóibh freastal ar **chruinniú aonair le** Stiúrtóir Feidhmiúcháin ESMA agus Cathaoirleach ESMA.

Féadfar leas a bhaint as an liosta ionadaithe chun earcaíocht a dhéanamh do phost comhchosúil, de réir riachtanais ESMA. Ní fhágann iarrthóirí a bheith ar an liosta ionadaithe gur cinnte go ndéanfar iad a earcú.

### B.4. Conas iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí na doiciméid seo a leanas a sheoladh chuig [vacancies@esma.europa.eu](mailto:vacancies@esma.europa.eu) faoin spriocdháta le haghaidh iarratas

#### Ní foláir an méid seo a leanas a bheith san iarratas

- **CV ag baint úsáid as teimpléad CV EUROPASS<sup>15</sup> mar aon le litir chumhdaigh i mBéarla** (teanga oibre ESMA<sup>16</sup>);
- chun a thaispeáint go gcomhlíontar na ceanglais incháilitheachta go léir **go léireofar**, maidir leis an iarrthóir
  - **Náisiúntacht / saoránacht den Aontas Eorpach,**
  - **máthairtheanga; agus**
  - **dara teanga den Aontas Eorpach.**

**CV san fhormaid Eorpach (Europass)<sup>17</sup>**, sábháilte mar:  
ESMA\_2018\_VAC15\_AD12\_SLOINNE\_Céadainm\_CV  
Sampla: ESMA\_2018\_VAC15\_AD12\_SMITH\_Anna\_CV

<sup>15</sup> <http://europass.cedefop.europa.eu/en/documents/curriculum-vitae>

Déan tagairt do gach critéar roghnúcháin sa CV.

<sup>16</sup> Féach fonóta 14.

<sup>17</sup> <http://europass.cedefop.europa.eu/en/documents/curriculum-vitae>

Déan tagairt do gach critéar roghnúcháin sa CV.



**Litir chumhdaigh** nach faide ná 2 leathanach, ina mínítear spéis agus inspreagadh an iarrthóra don phost agus don phróifíl áirithe, sábháilte mar:  
ESMA\_2018\_VAC15\_AD12\_SLOINNE\_Céadainm\_Litir chumhdaigh

Sonrigh i líne an ábhair sa teachtaireacht ríomhphoist:  
ESMA\_2018\_VAC15\_AD12\_SLOINNE\_Céadainm\_CV

Déanfar iarrthóirí a mheas ar bhonn na gcritéar incháilitheachta agus roghnúcháin atá sonraithe san fhógra folúntais (mar a mhínítear i gcuid 3) agus caithefar na critéir sin a chomhlíonadh faoin spriocdháta d'iarratais.

#### 4. Achoimre ar na coinníollacha fostaíochta

- D'fhéadfaí conradh fostaíochta cúig bliana mar ghníomhaire sealadach a thairiscint d'iarrthóirí seachtracha rathúla. Má dhéantar an conradh a athnuachan tar éis sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann i bprionsabal.
- Ceapfar iarrthóirí seachtracha rathúla chuig an ngrád, agus cuirfear i gcéim 1 nó 2 iad.

Grád/céim	Riachtanais íosta i gcomhair rangú i gcéim <sup>18</sup> (leibhéal riachtanach de staidéir ollscoile + líon íosta blianta taithí tar éis an chéim ollscoile a bhaint amach)	Glantuarastal míosúil, gan liúntais <sup>19</sup>	Glantuarastal míosúil, lena n-áirítear liúntais shonracha <sup>20</sup>
AD12, céim 1	Céim ollscoile 4 bliana i réimse atá ábhartha don phost seo agus taithí 15 bliana ar roinnt, nó gach ceann, de na réimsí a bpléitear leo sa sainchuntas poist	EUR 8 950	EUR 12 600
AD12, céim 2	Céim ollscoile 4 bliana i réimse atá ábhartha don phost seo agus taithí 18 mbliana ar roinnt, nó gach ceann, de na réimsí a bpléitear leo sa sainchuntas poist	EUR 9 230	EUR 12 980

- Déantar an buntuarastal míosúil a iolrú faoin gcomhéifeacht cheartúcháin don Fhrainc (114.8% faoi láthair).
- Tá tuarastail faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse agus iad díolmhaithe ó cháin náisiúnta.
- Mar Cheann na Roinne, beidh an t-iarrthóir rathúil i dteideal **liúntas bainistíochta** a fháil, rud arb ionann é agus 4.2% den bhuntuarastal, ar an gcoinníoll go n-éiríonn leis/léi tréimhse trialach bainistíochta naoi mí a chur i gcrích.
- Ag brath ar na cúinsí teaghlaigh agus ar an áit bhunaidh, d'fheadfadh sealbhóir an phoist a bheith i dteideal: liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, liúntas réamhscoile, liúntas socraithe isteach, aisíocaíocht na gcostas aistrithe, liúntas sealadach tosaigh cothaithe, agus sochair eile.
- Is féidir go n-aisíofar na costais a bhaineann le scolaíocht i bPáras.
- Teidlíocht saoire bliantúla de dhá lá in aghaidh na míosa féilire agus laethanta sa bhreis ag brath ar aois, grád, 2,5 lá saoire bhaile más infheidhme, agus 17 lá saoire ar an meán de chuid ESMA in aghaidh na bliana;
- Scéim Pinsin AE (tar éis 10 mbliana seirbhíse);
- Comhscéim Tinnis agus Árachais (JSIS) AE, cosaint árachais ó thimpiste agus galar ceirde, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil, agus
- Oiliúint ghairmiúil ghinearálta agus infheidhme, mar aon le deiseanna don fhorbairt

<sup>18</sup> Cinneadh ESMA/2011/MB/55 ó Bhord Bainistíochta ESMA, lena nglactar rialacha cur chun feidhme maidir le rangú i ngráid agus i gcéimeanna ar cheapadh nó earcú – Cinneadh ón gCoimisiún (C(2004) 1313 an 07/04/2004):

[https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/ta\\_rules\\_on\\_classification\\_in\\_grade\\_and\\_step.pdf](https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/ta_rules_on_classification_in_grade_and_step.pdf)

<sup>19</sup> Meastachán ar an nglantuarastal, lena n-áirítear an chomhéifeacht cheartúcháin don Fhrainc, asbhaint i leith cánach agus slándáil shóisialta, gan aon liúntas (déantar an meastachán seo a ríomh i leith iarrthóir nach bhfuil i dteideal liúntas easaoránachta sa Fhrainc agus nach bhfuil aon chlann air/uirthi).

<sup>20</sup> Meastachán ar an nglantuarastal, lena n-áirítear an chomhéifeacht cheartúcháin don Fhrainc, asbhaint i leith cánach agus slándáil shóisialta, agus liúntais á gcur leis (cuireadh an liúntas easaoránachta, an liúntas teaghlaigh agus liúntas do leanbh cleithiúnach amháin san áireamh agus an meastachán seo á ríomh). Braitheann na liúntais i gcónaí ar chúinsí pearsanta an iarrthóra.





ghairmiúil.

## **Faisnéis a fhorchoimeádtar d'iarrthóirí arna bhfostú faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, i ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh seachas ESMA:**

I gcomhréir le Cinneadh ESMA/2015/MB/56<sup>21</sup> ó Bhord Bainistíochta ESMA, lena nglactar na rialacha cur chun feidhme maidir leis an nós imeachta lena rialaítear fostú agus úsáid ball foirne sealadach faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus Airteagal 12(2) go háirithe, má bhaineann ceann de na cúinsí seo a leanas le hiarrthóir a n-éiríonn leis/léi sa nós imeachta roghnúcháin seo, ar an dáta deiridh d'iarratais, agus ar an dáta a thosaíonn sé/sí ag obair in ESMA

- gur ball foirne sealadach é/í faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, agus
- go bhfuil sé/sí fostaithe laistigh dá g(h)níomhaireacht i bhfeidhmghrúpa agus i ngrád atá sa raon idir AD11 agus AD13,

tabharfaidh ESMA an deis don iarrthóir, i scríbhinn:

- a) a bheith ceaptha sa phost trí scéim soghluaiseachta, de réir Airteagal 10 de ESMA/2015/MB/56. Sa chás sin, beidh leanúnachas ann idir an Conradh le ESMA agus an Conradh ón ngníomhaireacht ina raibh sé/sí ag obair roimhe sin (go háirithe maidir leis an ngrád, an chéim, sinsearachta laistigh den chéim, agus an tréimhse),  
NÓ
- b) a bheith ceaptha sa phost ar bhonn Conradh nua ar feadh tréimhse fhosaithe de chúig bliana, faoi réir tréimhse phromhaidh de 9 mí, ag an ngrád atá sonraithe san fhógra folúntais sheachtraigh seo (AD12)<sup>22</sup>.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach leathanach Gairmréime ESMA:

<https://www.esma.europa.eu/about-esma/careers>

## **5. Cosaint Sonraí**

Déanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000, maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an [ráiteas príobháideachta maidir le nósanna imeachta earcaíochta](#).

<sup>21</sup> <https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/2015/10/2015-mb-56.pdf>

<sup>22</sup> Beidh rangú sa chéim sin bunaithe ar Airteagal 15 nó ar Airteagal 55 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, de réir mar is cuí.